Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Eagarfhocal

Title	Eagarfhocal
Author(s)	Conlon, Helen;de Bhál, Dolores;Ó Gallachóir, Daithí;Uí Liatháin, Deirdre
Publication Date	2017
Publisher	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Repository DOI	10.13025/wpk8-an32

Eagarfhocal

Fáilte is fiche chuig an gcúigiú heagrán den *Reiviú*, iris acadúil atá á foilsiú ar bhonn bliantúil ag mic léinn an chúrsa MA (Léann Teanga) le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Cuimsítear réimse leathan ábhar san iris i mbliana, lena n-áirítear pleanáil teanga, teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht, teagasc teangacha, cúrsaí cumarsáide agus na meáin Ghaeilge. Táthar ag súil go mbeidh an t-eagrán seo ina acmhainn luachmhar agus taitneamhach do lucht léinn na Gaeilge.

Ba mhaith leis an gCoiste Eagarthóireachta buíochas a ghabháil leo siúd a chuir comhairle orainn agus a thug cabhair agus cúnamh dúinn an t-eagrán is déanaí den *Reiviú* a fhoilsiú. Tá muid go mór faoi chomaoin ag an Dr Caoimhín Ó Dónaill, Léachtóir Sinsearach in Ollscoil Ulaidh, as réamhrá na hirise seo a scríobh. Gabhaimid fíorbhuíochas leis an Dr Gearóid Denvir, iar-ollamh de chuid Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a ghlac leis an gcuireadh leagan 2017 den *Reiviú* a sheoladh.

Léiríonn scríbhneoirí na bliana seo saibhreas na hoibre atá idir láimhe ag pobal acadúil na Gaeilge. Gabhaimid buíochas leo as a gcuid eolais, taighde agus ama a roinnt go fial flaithiúil linn. Bhí ról an-tábhachtach ag ár bpiarmheasúnóirí freisin; d'oibrigh siad go dian le hardchaighdeán na hirise a chinntiú agus tá muid fíorbhuíoch díobh.

D'oibrigh an coiste i gcomhar le Shannon Reeves i mbliana chun dearadh nua a chur ar shuíomh an *Reiviú*. Molaimid a chuid cruthaitheachta agus samhlaíochta, a chuir go mór leis an táirge deiridh. Is mór againn freisin an urraíocht a chuir Foras na Gaeilge ar fáil i mbliana agus an tacaíocht leanúnach a thugann siad don togra.

Ní mór dúinn aitheantas a thabhairt d'fhoireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Áras na Gaeilge, a bhí sásta a gcuid ama agus a gcuid saineolais a roinnt linn i gcónaí. Mar fhocal scoir, is mian linn buíochas ó chroí a ghabháil leis an Dr Dorothy Ní Uigín as an treoir agus comhairle a thug sí dúinn leis an bhfoilseachán seo. Is mór againn a cúnamh agus foighne.

An Coiste Eagarthóireachta – ***Léann Teanga: An Reiviú***
Helen Conlon, Dolores de Bhál, Daithí Ó Gallachóir, Deirdre Uí Liatháin